# COMHAIRLE CONTAE LAOISE
# LAOIS COUNTY COUNCIL

# FHODHLÍTHE CORR-THRÁDÁLA PHORT LAOISE 2019

**COMHAIRLE CONTAE LAOISE**

**FODHLÍTHE CORR-THRÁDÁLA PHORT LAOISE (DRÉACHT)**

**Déanann Comhairle Contae Laoise, i bhfeidhmiú a cumhachtaí faoi Alt 6 den Acht Corr-Thrádála, 1995, na Fodhlíthe seo a leanas maidir le rialú, ainmniú, rialachán, maoirseacht agus riarachán na Corr-Thrádála i limistéar riaracháin Phort Laoise.**

1) **Fodhlíthe Corr-Thrádála Phort Laoise 2019 is teideal do na Fodhlíthe seo.**
2) **Tagann na Fodhlíthe seo i bhfeidhm ar an ______________________________**

## SAINMHÍNITHE

1. Sna Fodhlíthe seo, beidh feidhm leis na sainmhínithe seo a leanas:-

Ciallaíonn "An tAcht" an tAcht Corr-Thrádála, 1995.

Ciallaíonn "an Chomhairle" Comhairle Cathrach Laoise.

Ciallaíonn "Oifigeach Údaraithe" aon duine arna cheapadh é ag gComhairle Chontae Laoise faoi Alt 10 den Acht Corr-Thrádála 1995 nó faoi Alt 19 den Acht Rialtais Áitiúil 2001.

Ciallaíonn "Corr-Thrádálaí" aon duine nó a ghníomhaire ainmnithe, atá údaraithe chun corr-thrádáil a dhéanamh de bhun an Achta Corr-Thrádála, 1995 agus na bhFodhlíthe seo.

Ciallaíonn "Ceadúnas Corr-Thrádála" ceadúnas arna dheonú ag an gComhairle faoi Alt 4 den Acht Corr-Thrádála, 1995.

Ciallaíonn "Limistéar Corr-Thrádála" an talamh atá ainmnithe sna Fodhlíthe seo, a rinneadh faoi Alt 6 den Acht, mar limistéar inar féidir corr-thrádáil a dhéanamh.

Tá le "Corr-thrádáil" an bhrí a shanntar dó le hAlt 2 den Acht.

Ciallaíonn "Feidhmíocht" páirt a ghlacadh in aon chineál feidhmíochta nó taispeántais in áit phoiblí leis an ionchas réasúnach síntiúis a fháil, nó agus deis síntiúis a fháil, lena n-áirítear uirlisí ceoil a sheinm, nó an amhránaíocht, an aithris, an damhsa, an aisteoireacht, an gheamaireacht, an phuipéadóireacht, an lámhchleasaíocht, dealbhóireacht an duine, a balún samhaltú, amharclann sráide agus aon chineál taibhithe nó taispeántais eile nach bhfuil liostaithe go sonrach ach a bheadh comhchosúil ina ghné, agus forléireofar na focail Taibhiú and to Taibhigh dá réir agus ní chuimseofar leo na Gníomhaíochtaí Eisiata.

Áirítear le "Díol, a bheith ag Díol nó Díolachán" comhaontú chun tairiscint a dhéanamh, chun ní a dhíol nó a chur ar taispeáint le díol, nó tairiscint a iarraidh chun ní a cheannach.

Áireofar le "Stainnín", i dteannta a ghnáthbhrí, aon stalla nó bosca rothaí nó iniompartha, bac, cart, carbhán nó feithicil nó both eile nó seastán nó tíolacas eile a úsáidtear le haghaidh na corr-thrádála.

Ciallaíonn "Bá Trádála nó Spás Trádála" aon cheantar ainmnithe agus sonnraithe i gceadúnas arna eisiúint ag Comhairle Contae Laoise chun críche trádála nó trádála imeachta.

Ciallaíonn "feithicil" aon mhodh iompair daoine, táirgí margaidh nó aon earraí nó aon rud, is cuma más rud é go dtiomáintear go meicniúil í nó nach ndéantar.

## TALAMH A AINMNIÚ MAR LIMISTÉAR CORR-THRÁDÁLA

2. Ní dhéanfar Corr-Thrádáil ach amháin sna láithreacha atá ainmnithe chun na críche sin sna Fodhlíthe seo nó ag imeacht nó imeachtaí sonraithe i cibé láithreán nó láithreáin eile a cheadóidh Comhairle Chontae Laoise i gceadúnas arna eisiúint de bhun Alt 4(1)(a)(iii) den Acht.

## UAIREANTA TRÁDÁLA

3. Ní dhéanfar Corr-Thrádáil ach amháin ag na hamanna agus na laethanta arna shonrú sa cheadúnas agus ní tharlóidh sí ach idir 8.00am agus 15.00pm gach Aoine nó ar laethanta agus amanna eile ach ceadú roimh ré a bheith tugtha leis ag Rannóg Bóithre, Comhairle Contae Laoise.

## TRÁDÁIL IMEACHTA

4. Sa chás nach bhfuil trádála imeachta réitithe cheana féin trí phróisis iarratais eile, m.sh. Iarratas ar Úsáid Spáis Oscailte Poiblí, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

    (a) Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun ceadúnais trádála a bhronnadh ar thrádálaithe le haghaidh imeachtaí, féilte agus aontaí speisialta.
    (b) Ní mór iarratais ar cheadúnais imeachta a dhéanamh 15 lá oibre ar a laghad roimh an dáta a mbeidh an trádáil ar siúl.
    (c) Forchoimeádann an Chomhairle an ceart cead a thabhairt chun trádáil a dhéanamh lasmuigh de na huaireanta a shonraítear in Alt 3 i gcás imeachtaí áirithe.
    (d) Déanfar an trádáil de réir coinníollacha sonracha a ghabhann leis an

gceadúnas imeachta agus cloífidh an ceadúnaí go docht le gach aon choinníoll den cheadúnas sin.

(e) Ní dhéanfaidh an ceadúnaí a dhíol ag na himeachtaí seo ach amháin earraí arna gceadú iad ag an gComhairle.

## DÍOLÚINTÍ

5. De bhun Alt 2 (4) den Acht, ní áirítear leis an gcorr-thrádáil

1. díol plandaí cabáiste
2. díol ábhair chlóbhuailte nó earraí diaganta nó reiligiúnacha ag eaglais nó áit adhartha nó i ngarchomharsanacht eaglais nó áit adhartha ar laethanta ina dtarlaíonn searmanais sheirbhíse nó searmanais reiligiúnacha eile ar siúl ann
3. díol le duine san áit ina bhfuil cónaí air nó ina mbíonn gnó á sheoladh aige
4. díol ina dtaispeánann an díoltóir
   (i) Go n-úsáidtear aon bhrabúis ann chun críocha carthanúla nó chun críocha eile nach bhfaightear aon bhrabús uathu agus
   (ii) Go bhfaigheann an díoltóir nó a sheirbhísigh ná a ghníomhairí aon luach saothair, sochar nó brabús a dhéantar as.
5. díol i rith na tréimhse idir an 1 Bealtaine agus an 30 Meán Fómhair in aon bhliain -
   1. a dhéanann an saothróir (de réir na brí a thugtar don abairt sin leis an Acht Corr-Thrádála 1995 (Alt 2 (3) de Rialacháin 2004, nó
   2. Faoi réir an choinníll arna shonrú i ndáil leis an mír seo ag na Rialacháin sin a bheith á gcomhlíonadh, ina sheirbhíseach nó ina ghníomhaire don saothróir ar cheann nó níos mó de na torthaí agus na glasraí seo a leanas, eadhon -

   (i). Sútha talún, sútha craobh, fraocháin, spíonáin, sméara dubha, lóganchaora, caora tay, cuiríní

   (ii). Prátaí a bhfuil craiceann scaoilte orthu agus ar lománaíodh iad roimh dóibh a bheith aibí.

## LÁITHREÁIN TRÁDÁLA EILE

6. Féadfar ceadúnas reatha d'áit trádála a chur ar fionraí le hOrdú Feidhmiúcháin ionas go n-éascófar Forbraíochtaí Reachta Poiblí, tógáil/forbairt/cothabháil bóthair, cosáin nó bonneagair eile, nó ar láithreáin in aice nó ar chúiseanna oibríochtúla eile. Féadfaidh an Chomhairle áiteanna trádála malartacha a shannadh do shealbhóirí ceadúnais atá ann cheana tar éis comhairliúcháin, mar is cuí, ach iad a bheith ar fáil ar feadh fad ama na n-oibreacha.

7. Forbraíochtaí Reachta Poiblí - Forchoimeádann an Chomhairle an ceart athruithe a dhéanamh ar limistéir Corr-Thrádála ainmnithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil mar gheall ar fhorbraíochtaí Reachta Poiblí nua i lár an bhaile, i gcomhairle le trádálaithe atá ann cheana féin.

## CEANGLAIS CHEADÚNAIS

8. Ní rachaidh duine i mbun Corr-Thrádála mura bhfuil Ceadúnas Corr-Thrádála aige atá i bhfeidhm de thuras na huaire, nó mura bhfuil sé nó sí ina sheirbhíseach nó ina ghníomhaire atá ag gníomhú do dhuine den sórt sin, agus go bhfuil an Corr-Thrádáil de réir an cheadúnais. Duine atá ag tabhairt faoin Trádáil Ócáideach sa Limistéar Corr-Thrádála:

(a) ní ghlacfaidh sé páirt sa Chorr-Thrádáil ach amháin ag an mBá Corr-Thrádála atá sonraithe sa Cheadúnas Corr-Thrádála arna dheonú ag an gComhairle agus arna uimhriú ar sceideal léarscáile, atá ceangailte leis na Fodhlíthe seo.

(b) ní dhéanfaidh earraí a thrádáil i Limistéar Corr-Thrádála ach amháin na hearraí mar atá sonraithe sa Cheadúnas Corr-Thrádála agus déanfaidh an Príomhfheidhmeannach nó a ainmnitheach na na cineálacha earraí agus cáinníocht na n-earraí a bheidh á ndíol i Limistéar Corr-Thrádála a mheas ag trá dheonú na gceadúnas aonair.

(c) ní thabharfaidh sé aon earraí, táirge nó earraí a thaisceadh ar aon talamh ach amháin laistigh den Bhá Corr-Thrádála arna shonrú sa Cheadúnas Corr-Thrádála.

(d) ní choiscfidh sé nó sí an mbealach saor tríd an limistéar Corr-Thrádála nó aon cheann de na bealaí díreacha isteach atá ann faoi láiláir.

(e) ní chuirfidh sé isteach ar bhealach isteach chuig aon áitreabh i gcomharsanacht an cheantair Corr-Thrádála ná ní chuirfear bac air.

(f) ní choiscfidh sé duine agus ní chuideoidh sé duine bac a chur ar an gComhairle ná ar a gcuid seirbhísigh ná a gníomhairí aon oibreacha cothabhála a dhéanamh in aon chuid den Limistéar Corr-Thrádála.

(g) ní cheadóidh sé:-

    i. aon iasc a bheith cóirithe, na hinní a bheith bainte as ag an stainnín, nó timpeall air, nó

    ii. aon éanlaith na cleití a bheith bainte de ag an stainnín, nó timpeall air, nó

(h) fágfaidh sé an limistéar Corr-Thrádála agus dea-bhail air, beidh sé glan, sábháilte agus beidh an riocht céanna air a bhí air roimh don trádáil tarlúint.

(i) ní dhéanfaidh sé ach amháin na hítimí a cheadaítear a dhíol de réir an Séú Sceideal.

(j) Ní chuirfidh sé bac ar bhonneagar fóntais bhardasach ar nós hiodraint dóiteáin.

9. Taispeánfaidh aon duine a mbíonn gnó á sheoladh aige sa Limistéar Corr-Thrádála uimhir an Cheadúnais Chorr-Thrádála sa Bhá Corr-Thrádála atá sonraithe sa Cheadúnas Corr-Thrádála ar fhógra san fhoirm fhorordaithe.

a) Déanfar an fógra a thaispeántar de bhun na bhFodhlíthe seo a bheith péinteáilte nó a clóscríofa agus a greamaithe ar ábhar marthanach, agus

b) Beidh sé ar taispeáint amhlaidh i suíomh feiceálach ag an mBá Corr-Thrádála arna shonrú sa Cheadúnas Corr-Thrádála ionas go bhfuil sé le feiceáil go soiléir agus go bhfuil sé furasta don phobal é a léamh san áit sin.

fc) Is í Foirm Uimh. 1 atá leagtha amach sa Tríú Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo an fhoirm fhorordaithe den fhógra a cheanglaítear a thaispeáint faoin bhFodhlí seo.

d) Is í Foirm Uimh. 2 atá leagtha amach sa Cheathrú Sceideal de na Fodhlíthe seo an fhoirm fhorordaithe den fhógra a cheanglaítear é a bheith ar taispeáint faoin bhFodhlí seo le haghaidh Corr-Thrádála ag imeacht.

10. Ní úsáidfidh aon duine Ceadúnas Corr-Thrádála ach amháin an duine lenar eisíodh é, nó cibé gníomhaire arna earcú ag an duine sin de réir mar atá comhaontaithe leis an gComhairle i scríbhinn.

## RIALACHÁIN UM AN SLÁINTEACHTAS BIA

11. Ní dhéanfar bia, is cuma más rud é go ndearna é ullmhú nó nach ndearna, a thaispeáint, a stóráil nó a choinneáil ar aon bhealach eile ach amháin de réir na Rialachán um Shláinteachas Bia atá i bhfeidhm de thuras na huaire nó de réir aon rialacháin bhreise a fhéadfar a dhéanamh ina leith sin.

12. Beidh toirmeasc ar thobac a chaitheamh i limistéir rialaithe leis an bhFodhlí ina bhfuil bia á ullmhú nó á dhíol.

## SRIANTA PÁIRCEÁLA SA LIMISTÉAR CORR-THRÁDÁLA

13. a) Gan cead a fháil roimh ré ón gComhairle, ní dhéanfaidh aon duine feithicil a pháirceáil sa Limistéar Corr-Thrádála le linn uaireanta trádála sannaithe.

b) Ní dhéanfaidh trádálaí ceadúnaithe feithicil a pháirceáil sa Limistéar Corr-Thrádála le linn uaireanta trádála mura bhfuil an fheithicil sin in úsáid de thuras na huaire sin chun críche corr-thrádála agus go bhfuil sé páirceáilte go hiomlán laistigh de limistéar an spáis chorr-thrádála arna shonrú sa Cheadúnas Corr-Thrádála.

c) Déanfaidh trádálaí ceadúnaithe an fheithicil sin a bhaint ón spás Corr-Thrádála a shonraítear sa limistéar Corr-Thrádála gach lá ina bhfuil an corr-thrádáil ceadaithe sa Cheadúnas Corr-Thrádála tráth nach déanaí ná 30 nóiméad tar éis dheireadh na n-uaireanta trádála.

d) Ní pháirceálfaidh trádálaí ceadúnaithe feithicil sa Limistéar Corr-Thrádála chun earraí a dhíluchtú nó a tháirgeadh ar an Spás Corr-Thrádála a shonraítear sa Cheadúnas Corr-Thrádála níos luaithe ná aon uair an chloig roimh thús na n-uaireanta trádála.

e) Ní pháirceálfaidh trádálaí ceadúnaithe feithicil ar feadh tréimhse níos faide ná 30 nóiméad roimh thús na tréimhse dó a bheith páirceáilte sa Limistéar Corr-Thrádála chun earraí nó táirgí a dhíluchtú ansin ón Spás Corr-Thrádála arna shonraú sa Cheadúnas Corr-Thrádála.

f) Ní pháirceálfaidh trádálaí ceadúnaithe feithicil níos luaithe ná deireadh na n-uaireanta trádála sa Limistéar Corr-Thrádála chun earraí nó táirgí a lódáil ón Limistéar Corr-Thrádála arna shonrú sa Cheadúnas Corr-Thrádála.

## OIBRIÚ AGUS COTHABHÁIL AN BHÁ LENA N-ÁIRÍTEAR AN tSLÁINTE & AN tSÁBHÁILTEACHT

14. Caithfidh an cineál stainnín a úsáideann duine atá ag dul i mbun gnó Corr-Thrádála a bheith faofa ag an Rannán Bóithre, Comhairle Chontae Laoise, agus ní bheidh an stainnín sin níos mó ná mar a shainmhítear na toisí i ndáil leis an mbá leithdháilte ar leith.

15. Ní mór do stainníní a úsáidtear tógáil a bheith sábháilte, socruithe go daingean agus láidir, (Uasmhéid 3m x 3m) a bheith in airde ó leibhéal na talún agus a bheith feistithe go cuí don tseirbhís áirithe lena bhfuil sé beartaithe dó. Caithfidh an

t-ábhar a chlúdaíonn na stainníní a bheith glan, sábháilte agus daingnithe go docht leis an bhfráma. Coinneofar an stainnín i riocht sábháilte i gcónaí agus socrófar bacainní timpeall aon ghuais a d'fhéadfadh a bheith ann. Ní féidir leis an corr-thrádálaí earraí a thaispeáint ach amháin laistigh de theorainn a stainnín féin, mar sin ní chuirfidh earraí bac ar phasáiste saor in aisce tríd an margadh.

16. Beidh an trádáil teoranta don Bhá Leithroinnte ag an Limistéar Corr-Thrádála ainmnithe agus ní bheidh aon earraí staradh ar stainnín ná á dtaisce ar an talamh ach amháin sa Bhá Leithroinnte agus ní bheidh aon stainnín os cionn 2.5 méadar ar airde gan comhaontú roimh ré ón gComhairle.

17. Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun leagan amach inmheánach na mBánna Corr-Thrádála a athrú agus a leasú laistigh de na Limistéir Chorr-Thrádála ag am ar bith.

18. Cinnteoidh duine a sheolann gnó Corr-Thrádála sa Limistéar Corr-Thrádála go bhfanfaidh an Bá Corr-Thrádála, arna shonrú sa Cheadúnas Corr-Thrádála, gan athrú agus gan damáiste mar thoradh ar a Corr-Thrádáil.

19. Ní dhéanfar aon chraoladh nó óráid ó chóras aimpliúcháin mheicniúil ó aon stainnín nó ó aon fheithicil agus ní bheidh aon fhuaim ard ó raidiónna nó ó fhearais atáirgthe ceoil in aon stainnín.

20. Tagann an úsáid gineadóirí, a úsáidtear le haghaidh Stainníní Corr-Thrádála, faoi réir fhaomhadh roimh ré ón gComhairle. Comhlíonfaidh siad leibhéil torainn inghlactha (i.e. 55db(A) i rith an lae agus 45db(A) san oíche - agus ciallaíonn db(A) an leibhéal i ndeicibil) agus beidh deimhniú déantóra ag teastáil chun an tsonraíocht a dheimhniú.

21. Coinneoidh duine atá i mbun Corr-Thrádála sa Limistéar Corr-Thrádála an spás Corr-Thrádála, atá sonraithe sa Cheadúnas Corr-Thrádála, i riocht glan agus slachtmhar agus chuige sin déanfaidh sé: -

(a) na bearta atá de dhíth chun fágáil go nglantar an stainnín i gceart díreach roimh earraí a bheith díolta ann, agus díreach i ndiaidh earraí a bheith díolta ann ar an lá i gceist.
(b) na bearta atá de dhíth le go mbeidh an Limistéar Corr-Thrádála agus limistéar timpeall air, 50 méadar ar a laghad ar gha, a choineáil saor ó bhruscar a tharlaíonn mar gheall ar an ngnó Corr-Thrádála mar atá ceadaithe ag ceadúnas.
(c) Ní mór don sealbhóir ceadúnais gabhdán oiriúnach le haghaidh bruscair arna aontú leis an gComhairle a bheith aige, agus ní mór é sin a choinneáil i gcónaí san áit trádála. Comhlíonfaidh Corr-Thrádálaithe le gach aon cheanglas de chuid na nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola agus aon Rialacháin nó Fodhlíthe a dhéantar faoina bhun.
(d) Ní mór nach ligfear don bhruscar carnadh i gcóngaracht na háite trádála le linn uaireanta corr-thrádála agus ag deireadh na trádála caithfidh an áit

trádála a ghlanadh agus a dhiúscairt go léir agus a thaispeáint go ndéanann an sealbhóir ceadúnais an bruscar a dhiúscairt i gceart. Déanfaidh gach trádálaí a áit trádála a ghlanadh chomh minic agus is gá nó de réir mar a thugann Ceantar Bardasach Phort Laoise, a fhostaithe nó a ghníomhaire, treoir amhlaidh a dhéanamh i rith an lae a bhfuil an stainnín in úsáid chun earraí a dhíol.

(e) Ní mór do thrádálaithe cloí leis an Acht um Thruailliú ó Bhruscar maidir le comharthaí a chuirtear suas i gcóngaracht an láithreáin trádála.

22. Ní bheidh an Chomhairle freagrach as aon mhaoin a bhaineann le haon duine ar bith a thaiscfear nó a fhágtar in aon chuid den Limistéar Corr-Thrádála, ná as aon chaillteanas, damáiste nó díobháil a dhéantar mar gheall ar fhaillí aon trádálaí, a ngníomhairí, a gcuid fostaithe nó a gcuid custaiméirí.

23. Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun stainníní atá le fáil ar an Limistéar Corr-Thrádála ainmnithe tar éis uaireanta trádála a thógáil agus/nó earraí nó earraí eile a fhágtar lasmuigh den Bhá Leithroinnte ag am ar bith a bhaint.

## TAIBHIÚ SRÁIDE

24. Féadfar don Taibhiú Sráide a bheith ceadaithe sa Limistéar Corr-Thrádála ach ceadú a bheith faighte ón gComhairle roimh ré. Ní mór do na taibheoirí ceadaithe glacadh leis na coinníollacha seo a leanas:

(a) Ní chuirfidh an Taibheoir Sráide bac ar an bpobal chun teacht ar aon áitreabh ná chun imeacht uaidh.
(b) Ní chuirfidh Taibheoir Sráide ag a bhfuil uirlisí, trealamh nó fearais bac nó bacainn ar ghluaiseacht saor agus sábháilte choisithe, agus ní chuirfidh sé isteach orthu.
(c) Ní mór do Taibheoir Sráide é féin a iompar ar bhealach sábháilte gairmiúil agus comhoibriú go hiomlán le taibheoirí sráide eile, le daoine den phobal, le sealbhóirí stainníní margaidh, le daoine atá údaraithe ag an gComhairle agus leis an nGarda Síochána.
(d) Ní dhéanfaidh Taibheoir Sráide taibhiú lasmuigh d'uaireanta margaidh, seachas más rud é go bhfuil sé ag glacadh páirt in Imeacht Chorr-Thrádála a ceadaíodh roimhe seo.
(e) Is é an Taibheoir Sráide a sheinneann in áit phoiblí amháin a bheidh freagrach as a chuid uirlisí, trealamh agus fearas agus ní fhágfaidh sé nó sí iad gan faire in áit phoiblí agus bainfidh sé / sí ón áit phoiblí iad ag deireadh an taibhithe.
(f) Ní dhéanfaidh an fhuaim a tháirgtear i ngarchomharsanacht an Taibheora Sráide nó Taibheoirí Sráide le linn taibhithe a shárú 80 deicibeil.
(g) Is de réir a lánrogha féin a bheidh cinneadh na Comhairle faoi cad é an Taibhiú Sráide chun críocha na bhFodhlíthe Corr-Thrádála seo agus

beidh an cinneadh sin críochnaitheach.

## OIFIGEACH ÚDARAITHE

25. Féadfaidh an Chomhairle Oifigeach Údaraithe nó Oifigigh Údaraithe a cheapadh chun an Limistéar Corr-Thrádála a bhainistiú agus a rialú.

26. Comhlíonfaidh an Corr-Thrádálaí gach iarratas agus treoir dleathach a thugann Oifigeach Údaraithe nó comhalta de chuid an Gharda Síochána.

27. Féadfaidh Oifigeach Údaraithe arna cheapadh ag an gComhairle nó ag comhalta de chuid an Gharda Síochána:-

a) bealach a fháil isteach ar aon áit ina bhfuil cúis réasúnach aige lena chreidiúint go bhfuil an Chorr-Thrádáil ag leanúint ar aghaidh, agus iniúchadh agus scrúdú a dhéanamh air.

b) iallach a chur ar aon duine a bhfuil cúis réasúnach aige / aici go bhfuil sé nó sí ag i mbun na corr-thrádála a dhéanamh:-

(i) ceadúnas corr-thrádála a thaispeáint, sa chás nach bhfuil sé ar taispeáint, lena n-údaraítear a leithéid de thrádáil agus cead a thabhairt don Oifigeach nó don chomhalta de chuid an Gharda Síochána an ceadúnas a scrúdú, agus

(ii) más rud é nach nach éiríonn leis, nó má dhiúltaíonn sé/sí, ceadúnas den sórt sin a thaispeáint nó, sa chás nach bhfuil sé ar taispeáint, a ainm agus a sheoladh a thabhairt don oifigeach agus, más seirbhíseach nó gníomhaire duine eile é, ainm agus seoladh an duine eile a thabhairt.

c) cibé scrúdú agus fiosrú a dhéanamh de réir mar is gá leis chun a fháil amach an bhfuil forálacha an Achta nó na bhFodhlíthe seo á gcomhlíonadh,

d) a cheangal ar aon duine a bhfuil cúis réasúnach aige / aici a bheith ag gabháil do thrádáil ócáideach de shárú ar an Acht chun cibé faisnéis a thabhairt atá faoina chumhacht a thabhairt maidir le húinéireacht aon earraí a dhíoltar le linn chúrsa na trádála sin.

28. Ní chuirfidh aon duine bac ar Oifigeach Údaraithe ná ar bhall den Gharda Síochána maidir le feidhmeanna a chomhlíonadh faoi na Fodhlíthe seo, agus ní chuirfidh sé isteach air, ná ní thabharfaidh sé faisnéis bhréagach dó.

## ÁRACHAS

29. Déanfaidh duine atá i mbun gnó Corr-Thrádáil a sheoladh sa Limistéar Corr-Thrádála an Chomhairle a shlánú i gcoinne aon ghníomh, éileamh nó iallach ar

bith a dhéanann aon duine a éilíonn damáistí i ndíobhálacha pearsanta, nó mar gheall ar chaillteanas nó damáiste a tharla de thoradh aon ghnímh, faillí nó mainneachtana a rinne an Corr-Thrádálaí sin, sheirbhísigh leis, nó fostaithe leis, de thoradh a chuid gnó Corr-Thrádála a sheoladh, nó bainteach leis sin, sa Limistéar Corr-Thrádála, agus ceanglóidh an Chomhairle ar gach uile Chorr-Thrádálaí dá leithéid Árachas Dliteanais Phoiblí iomchuí a bheith i bhfeidhm acu i gcónaí le Cuideachta Árachais le bheith faomhadh ag an gComhairle lena n-árachaítear i gcoinne na rioscaí luaite roimhe seo suas go dtí €6,500,000, ar a laghad, maidir le haon eachtra amháin. Tá leas na Comhairle le bheith tugtha faoi deara go follasach soiléir sa pholasaí árachais sin agus má cheadaítear don pholasaí sin dul in éag nó go gcuirtear ar neamhní é, beidh cead ag an gComhairle an Ceadúnas Corr-Thrádála a chúlghairm láithreach bonn.

## AN PRÓISEAS IARRATAIS

30. Duine a dhéanann iarratas ar an gComhairle chun Ceadúnas Corr-Thrádála a fháil, cuirfidh sé an fhaisnéis a iarrtar san fhoirm a fhorordaítear ar fáil don Chomhairle, mar aon le cibé faisnéis bhreise a fhéadfaidh an Chomhairle a iarraidh chun críocha a cumhachtaí agus a feidhmeanna faoin Acht a fheidhmiú agus, más rud é nach éiríonn leis an duine sin an tAirteagal seo a chomhlíonadh, féadfaidh an Chomhairle an ceadúnas a deontas a dhiúltú don duine.

31. Déanfar iarratais ar Cheadúnais Corr-Thrádála ar an bhfoirm chuí a sheolfar go dtí, An tOifigeach Riaracháin, An Rannán Bóithre, Áras an Chontae, Port Laoise, Co. Laoise nó i ríomhphost chuig casualtrading@laoiscoco.ie .

(a) Déanfar iarratas ar leith i ndáil le gach aon cheadúnas.

(b) Ní mór deimhniú imréitigh cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim a chur isteach in éineacht le gach aon fhoirm iarratais chomhlánaithe.

(c) Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun Ceadúnas Corr-Thrádála a dheonú nó a dhiúltú.

(d) Leithdháilfidh an Chomhairle bánna trádála ar leithar cibé modhanna a chinnfidh sí, dá rogha féin.

(i) Tabharfar aitheantas cuí do thrádálaithe traidisiúnta maidir leis an gcaoi a leithdháiltear na mBánna Corr-Thrádála agus, go háirithe maidir le daoine a dhéanann a n-éileamh gur trádálaithe bunaithe iad a chruthú go sásúil,

(ii) Ní choiscfear leis an bpróiseas leithdháilte sin leithdháileadh trí chrannchur nuair a mheastar gur gá sin.

(e) Is de réir phróiseas roghnúcháin bunaithe ar an riar agus an éileamh a dhéanfar ceadúnas a leithdháileadh, go príomha, mar sin féin ní choiscfear aon leithdháileadh ar crannchur nuair a mheastar é sin a bheith riachtanach.

(f) Dlífear le Corr-Thrádálaí nach éiríonn leis trádáil, ar lá amháin nó níos mó ná sin, ar feadh ceithre sheachtain i ndiaidh a chéile a cheadúnas a chúlghairm. Féadfaidh an Chomhairle, dá rogha féin, fógra a sheirbheáil ar shealbhóir an cheadúnais go bhfuiltear tar éis a cheadúnas / a ceadúnas a chúlghairm don chuid eile de thréimhse an cheadúnais, agus go socróidh sé go leithdháilfear an bá atá i gceist. Tabharfar an deis don sealbhóir a neamhláithreacht a mhíniú sula ndéanfar aon chinneadh maidir le cúlghairm an cheadúnais.

(g) Ní dhéanfar Bánna Trádála a mhalartú gan toiliú cuí na Comhairle a bheith faighte i scríbhinn.

(h) Féadfaidh an Chomhairle nó a seirbhísigh nó a gníomhairí cead a thabhairt, ó lá go lá, d'aon bhánna trádála a bhí leithdháilte go sealadach ag aon corr-thrádálaí eile nuair nach bhfuil siad in úsáid go hiarbhír ag an gcorr-thrádálaí ar ar dáileadh é nó sa chás nach bhfuil sé áitithe faoi 11.00 rn.

32. Ní thabharfar aon tionóntacht ná ceart chun an spás sin a aitiú nó a aistriú ar an Trádálaí mar gheall ar leithdháileadh spás trádála le ceadúnas.

33. Féadfaidh an Chomhairle Ceadúnas Corr-Thrádála a chúlghairm más rud é go bhfuil an Chomhairle sásta go bhfuil coinníoll den cheadúnas á shárú, nó go raibh sé á shárú, nó má chiontaítear an duine dár deonaíodh é i gcion maidir le hallmhairiú, seilbh nó díol earraí a rinneadh cé go raibh sé ina shealbhóir ar cheadúnas corr-thrádála nó ina chion faoin Acht.

34. Forchoimeádann an Chomhairle, nuair is féidir, an ceart chun Corr-Thrádáil a thoirmeasc ar aon lá trádála, nó cuid de, i gcás go dtarlaíonn cúinsí eisceachtúla a éilíonn toirmeasc den sórt sin. Tabharfaidh an Chomhairle fógra, nuair is féidir, d'aon sealbhóirí ceadúnais a bhfuil tionchar orthu sula dtiocfaidh aon toirmeasc den sórt sin i bhfeidhm.

35. Eisítear Ceadúnais Corr-Thrádála uair sa bhliain agus bíonn siad bailí ar feadh tréimhse 12 mhí ó Eanáir go Nollaig gach bliain. Ní mór d'iarratasóirí ath-iarratas a dhéanamh ar cheadúnas ar bhonn bliantúil tráth nach déanaí ná an 31 Deireadh Fómhair roimh an mbliain trádála atá beartaithe le bheith ag trádáil.

## FÓGRAÍ A SHEIRBHEÁIL

36. I gcás ina gceanglaítear leis na bhFodhlithe seo fógra a sheirbheáil ar dhuine nó a thabhairt do dhuine, déanfar é nó í a dhíriú chuige nó chuici agus a sheirbheáil air nó uirthi nó a thabhairt dó nó di ar cheann de na slite seo a leanas: -

(a) más faoina ainm nó faoina hainm a bheidh sé nó sí dírithe chuig an duine, trína sheachadadh nó trína seachadadh air nó uirthi;

(b) trína fhágáil ag an seoladh nó trína chur leis an bpost trí litir chláraithe ina bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi, nó chuig an seoladh is déanaí a fuair an Chomhairle ón gCorr-Thrádálaí chun críocha comhfhreagras a dhéanamh leis nó, i gcás gur tugadh seoladh le haghaidh seirbhísí, ag an seoladh sin;

(c) más rud é nach féidir an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi a fhionnadh trí fhiosrú réasúnach agus go gceanglaítear nó go n-údaraítear amhlaidh an fógra nó an chóip a thabhairt nó a sheirbheáil i leith aon bhá trádála, trína sheachadadh nó trína seachadadh ar dhuine éigin atá os cionn 16 bliana d'aois agus atá ar fostú nó ceangailte ar bhealach eile le seoladh gnó Corr-Thrádála lena mbaineann an fógra sa bhá trádála, nó trína ghreamú nó trína greamú in áit fheiceálach sa bhá trádála, nó gar dó.

Chun críocha an ailt seo, measfar gnáthchónaí a bheith ar chuideachta arna clárú faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2006, ag a hoifig chláraithe, agus measfar gnáthchónaí a bheith ar gach comhlacht corpraithe eile agus ar gach comhlacht neamhchorpraithe ag a phríomhoifig nó ag a phríomháit ghnó.

## TÁILLÍ CEADÚNAIS

37. Beidh an táille bhliantúil chuí mar atá leagtha amach sa Dara Sceideal de na Fodhlíthe seo iníoctha leis an gComhairle sula n-eiseofar Ceadúnas Corr-Thrádála i ndáil le gach aon Bhá Corr-Thrádála atá le leithdháileadh ar thrádálaí i Limistéar Corr-Thrádála.

38. Beidh táille mar atá leagtha amach sa Dara Sceideal de na Fodhlíthe seo iníoctha leis an gComhairle roimh ré le hiarratas ar Cheadúnas Corr-Thrádála a dheonú i leith Corr-Thrádála ag imeacht nó imeachtaí a shonraítear i gCeadúnas Corr-Thrádála le bheith eisithe de bhun Alt 4(l) (a) (iii) den Acht.

39. Déanfar na táillí agus na muirir atá leagtha amach sna Fodhlíthe seo a athbhreithniú aon bhliain amháin tar éis don Fhodhlí seo teacht i bhfeidhm agus

uair sa bhliain ina dhiaidh sin. Ní bheidh na táillí seo inaisíoctha sa chás go gcúlghairtear an ceadúnas.

40. Féadfaidh sealbhóir ceadúnais a cheadúnas nó a ceadúnas a thabhairt suas don Chomhairle tráth ar bith roimh don cheadúnas dul in éag. Féadfaidh duine a thabharfaidh suas a cheadúnas nó a ceadúnas iarratas a dhéanamh chun aisíoc a fháil ar an gcuid sin den táille cheadúnais a bheidh coibhéiseach le téarma neamhéagtha an cheadúnais, faoi réir uasmhéid aisíocaíochta de 50% den táille iomlán. Is de rogha Chomhairle Cheantar Bardasach Phort Laoise a eisítear aon aisíocaíocht. I gcás gur tugadh suas ceadúnas, féadfaidh an Chomhairle ceadúnas nua a eisiúint don téarma neamhéagtha den cheadúnas a tugadh suas.

**PIONÓIS**

41. Aon duine a sháraíonn aon cheann de na Fodhlíthe, beidh sé ciontach i gcion faoi Alt (12) d'Alt 6 de dheireadh an Achta agus beidh sé faoi dhliteanas pionóis de réir mar atá sonraithe in Alt 14 den Acht.

**GINEARÁLTA**

42. Féadfar an sceideal seo a leasú trí rún na Comhairle tar éis tréimhse comhairliúcháin phoiblí mí amháin ar a laghad lena n-áirítear, agus cuimsítear mar chuid de sin gur gá fógraíocht phoiblí agus aighneachtaí a chur isteach.

**Fodhlíthe Corr-Thrádála Phort Laoise, 2019, a thabharfar ar na Fodhlíthe seo agus tiocfaidh siad i bhfeidhm ar an 1ú lá d'Eanáir 2020.**

**Ón lá seo anonn, tá Fodhlíthe Corr-Thrádála 2007, Port Laoise, cúlghairthe leis seo.**

**Arna ndéanamh agus arna nglacadh faoi ghnáthshéala Chomhairle Contae Laoise an lá seo, an 30 ú la Nolaig 2019.**

**DIRECTOR OF SERVICES**

**CHAIRPERSON**

Deputy **CHIEF EXECUTIVE**

**Date:** 30th December 2019

## AN CHÉAD SCEIDEAL

---

## LÁITHREÁIN CHORR-THRÁDÁLA

### Léarscáileanna

Lána Pepper, Port Laoise ............................................ Léarscáil Uimh. 1

Cearnóg an Mhargaidh, Port Laoise ............................................ Léarscáil Uimh. 2

Léarscáil Láithreáin ............................................ Léarscáil Uimh. 3

## AN DARA SCEIDEAL

## TÁILLÍ CORR-THRÁDÁLA

Seo a leanas na táillí le haghaidh Cheadúnais Chorr-Thrádála:

(a) I limistéir atá ainmnithe mar Limistéir Corr-Thrádála agus a bhfuil cur síos déanta orthu sa Chéad Sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo, beidh táille bhliantúil iníoctha do gach bá Corr-Thrádála mar seo a leanas:

| Laistigh de Cheantar Bardasach Phort Laoise | € 250 do gach bá trádála atá ar chomh-mhéid le 3m x 3m | € 150 le gach bá trádála níos lú ná 3m x 3m |
|---|---|---|
| | | |

(b) Imeachtaí €25 in aghaidh an lae

## AN TRÍÚ SCEIDEAL

---

<u>FOIRM UIMH. 1</u>

**Foirm Fhógra le taispeáint i**
**mBá Corr-Thrádála laistigh den Limistéar Corr-Thrádála.**

**<u>COMHAIRLE CONTAE LAOISE</u>**
**<u>(LAOIS COUNTY COUNCIL)</u>**

**<u>AN tACHT CORR-THRÁDÁLA, 1995</u>**
**<u>FÓGRA UM CHORR-THRÁDÁLA</u>**

Dheonaigh Comhairle Chontae Laoise Ceadúnas Corr-Thrádála faoi Alt 4 den Acht Corr-Thrádála, 1995, lena n-údaraítear an chorr-thrádáil ag an Spás Corr-Thrádála seo.

Uimhir an Cheadúnais Chorr-Thrádála ______________________

Arna eisiúint le: ___________________________

Is iad na hUaireanta Trádála: <u>09.00 go dtí 15.00</u>

Lá a cheadaítear an Chorr-Thrádáil: <u>DÉ hAOINE</u>

Uimhir an Cheadúnais Chorr-Thrádála________________________________

**Sínithe:** ______________________
**Oifigeach Údaraithe,**
**Comhairle Contae Laoise**

## AN CEATHRÚ SCEIDEAL

**FOIRM UIMH. 2**

**Foirm an Fhógra gur gá a thaispeáint ag imeacht nó ag imeachtaí arna shonrú nó arna sonrú i gCeadúnas Corr-Thrádála agus atá oscailte don phobal, is cuma más rud é go bhfuil táille gearrtha ina leith nó más rud é go bhfuil siad saor in aisce, le bheith curtha suas díreach in aice na háite sin ar an lá a dtarlaíonn an imeacht i gceist.**

---

**COMHAIRLE CONTAE LAOISE**
**(LAOIS COUNTY COUNCIL)**

**AN tACHT CORR-THRÁDÁLA, 1995**

## AN CHORR-THRÁDÁIL AG IMEACHT NÓ AG IMEACHTAÍ

**Dheonaigh Comhairle Chontae Laoise Ceadúnas Corr-Thrádála faoi Alt 4 den Acht Corr-Thrádála, 1995 lena n-údaraítear an chorr-thrádáil ag an imeacht / na himeachtaí atá leagtha amach mar seo a leanas:**

**Imeacht(aí):-** ______________________________

______________________________
**(leag amach an imeacht / na himeachtaí agus láithreán an imeachta / na himeachtaí sin)**

**Dáta Imeacht(a/aí):-** ______________________________

______________________________
**(leag amach an dáta / na dátaí a bhfuil an chorr-thrádáil údaraithe faoin gCeadúnas Corr-Thrádála)**

**Suíomh Trádála:** ______________________________

**Is í Uimhir an Cheadúnais Chorr-Thrádála** ......................................
**(Líon isteach Uimhir an Cheadúnais)**

**Sínithe:**______________________
**Oifigeach Údaraithe**

# AN CÚIGIÚ SCEIDEAL

**Foirm Uimh. 3**

**COMHAIRLE CONTAE LAOISE**
**(LAOIS COUNTY COUNCIL)**

**AN tACHT CORR-THRÁDÁLA, 1995**
**& FODHLÍTHE CORR-THRÁDÁLA PHORT LAOISE 2019**

**UIMH. CEADÚNAIS TRÁDÁLA** ______________________________

**Leis seo, Deonaíonn Comhairle Chontae Laoise do:**

______________________________________

**Ceadúnas chun dul i mbun Corr-Thrádála chun na hearraí seo a leanas a dhíol:**

______________________________________________________________

**Ceadúnas chun dul i mbun Corr-Thrádála chun na hearraí seo a leanas a dhíol:**

______________________________________________________________

**I mBá Trádála Uimhir** __________ **sa Limistéar Corr-Thrádála i/in** ______________

**(Tag. Léarscáil** __________**) ar an** ______________________ **faoi réir géilliúlacht iomlán le**

**Fodhlíthe Corr-Thrádála Phort Laoise, 2019 agus leis na Coinníollacha Speisialta seo a leanas:**

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**Tagann an ceadúnas seo i bhfeidhm ar an**

______________________________________

**Agus mura dtarraingítear siar ar shlí eile é, rachaidh sé in éag ar an**

______________________________

**Sínithe:** ______________________________ **Dáta:** ______________________

**Oifigeach Údaraithe**

## AN CÚIGIÚ SCEIDEAL

**Foirm Uimh. 4**

**COMHAIRLE CONTAE LAOISE**
**(LAOIS COUNTY COUNCIL)**

**AN tACHT CORR-THRÁDÁLA, 1995**
**& FODHLÍTHE CORR-THRÁDÁLA PHORT LAOISE 2019**

**UIMH. CEADÚNAIS TRÁDÁLA** ______________________

**Leis seo, Deonaíonn Comhairle Chontae Laoise do:**

______________________________________

**Ceadúnas chun dul i mbun Corr-Thrádála chun na hearraí seo a leanas a dhíol:**

______________________________________________________________

**Ag** ________________________________________
**Imeacht(aí) Sonraithe**

**Ar an** ________________________________________
**Dáta (í) Sonraithe**

**Ag** ________________________________________
**LÁITHREÁN**

**Faoi réir lán-chomhlíonadh le Fodhlíthe Corr-Thrádála Phort Laoise, 2019 agus na coinníollacha speisialta seo a leanas:**

______________________________________________________________

**Sínithe:** ________________________ **Dáta:** ____________________

**Oifigeach Údaraithe**


# AN SÉÚ SCEIDEAL

**COMHAIRLE CONTAE LAOISE**
**(LAOIS COUNTY COUNCIL)**

**AN tACHT CORR-THRÁDÁLA, 1995**
**& FODHLÍTHE CORR-THRÁDÁLA PHORT LAOISE 2019**

## TÁIR / TÁIRGÍ ATÁ CEADAITHE LE DÍOL

- Táirgí a fhástar nó a tháirgtear go háitiúil
- Táirge Bia Áitiúil
- Táirge Bia Ceardaithe
- Earraí Ealaíona agus Ceardaíochta déanta in Éirinn
- Míreanna eile arna gceadú ag Comhairle Contae Laoise.




**LAOIS COUNTY COUNCIL**
***COMHAIRLE CHONTAE LAOISE***

Áras an Chontae,
Portlaoise,
Co. Laois.
(057) 8664000

**Project: Casual Trading Bye Laws 2019 Portlaoise**


**Title: Market Square Layout**

Drawn: M Coogan.


Scale: Not To Scale

Date: 23/09/2019

MAP NO. 2




| | |
|---|---|
| **LAOIS COUNTY COUNCIL**<br>***COMHAIRLE CHONTAE LAOISE***<br>Áras an Chontae,<br>Portlaoise,<br>Co. Laois.<br>(057) 8664000 | **Project: Casual Trading Bye Laws 2019 Portlaoise**<br>**Title: Location Map**<br>Drawn: M Coogan.<br>Scale: Not To Scale<br>Date: 23/09/2019<br>MAP NO. 2 |




LAOIS COUNTY COUNCIL
*COMHAIRLE CHONTAE LAOISE*

Áras an Chontae,
Portlaoise,
Co. Laois.
(057) 8664000

**Project: Casual Trading Bye Laws 2019 Portlaoise**

**Title: Pepper's Lane Layout**

| | | |
|---|---|---|
| Drawn: M Coogan. | | |
| | Scale: Not To Scale | MAP NO. 1 |
| | Date: 23/09/2019 | |